C/2026/3755

16.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3755)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Alsace / Vin d’Alsace’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1101-AM04 — 21.4.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Alsace / Vin d’Alsace’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiaflaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Alsace / Vin d’Alsace’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí a ainmnítear leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis. Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú ‘caighdeánach’ an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(1) den tsonraíocht táirge, athraíodh bliain tagartha an Chóid Gheografaigh Oifigiúil go 2025.

Faoi phointe 1(a), sa mhír a bhaineann le roinn Haut-Rhin:

— cuireadh 'Herrlisheim-près-Colmar' agus 'Soultz-Haut-Rhin' in ionad ainmneacha na mbardas 'Herrlisheim' agus 'Soultz' faoi seach.

— Faoi phointe 1(a), sa mhír a bhaineann le roinn Bas-Rhin:

— cuireadh 'Gimbrett (bardas comhlachaithe, ceangailte le Berstet)' in ionad ainm bhardas 'Gimbret-Berstett';

— cuireadh 'Oberhoffen-lès-Wissembourg' in ionad ainm bhardas 'Oberhoffen les Wissembourg'.

Níor athraíodh an limistéar geografach. Tugadh an liosta bardas cothrom le dáta ar bhonnChód Geografach Oifigiúil 2025.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar dáileachta talún críochaithe

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn IV(2)(a) den tsonraíocht táirge, ag deireadh na chéad mhíre, cuireadh na focail '30 Samhain 2022 agus 25 Meitheamh 2024' isteach chun na dátaí a léiriú ar formheasadh na hathruithe is déanaí ar an limistéar dáileachta talún críochaithe.

Faoi Chaibidil I, Roinn IV(2)(c) den tsonraíocht táirge, ag deireadh na chéad mhíre, cuireadh na focail 'agus an 25 Meitheamh 2024' isteach chun an dáta a léiriú ar formheasadh an t-athrú is déanaí ar an limistéar dáileachta talún críochaithe le haghaidh na n-ainmniúchán geografach forlíontach a liostaítear faoi Roinn IV(1)(b), cé is moite den ainmniúchán 'Klevener de Heiligenstein'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar díreach in aice láimhe

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn IV(3)(a) den tsonraíocht táirge, ag deireadh na chéad mhíre, cuireadh na focail 'bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025' isteach.

Faoi Chaibidil I, Roinn IV(3)(a) den tsonraíocht táirge, maidir le roinn Bas-Rhin:

— scriosadh ainm bhardas 'Mittelhausen';

— cuireadh isteach an fhoráil seo a leanas: 'Bardas a áirítear go páirteach: Wingersheim les Quatre Bans, críoch bhardas tarmligthe Mittelhausen amháin'.

Níl aon athrú tagtha ar an limistéar díreach in aice láimhe. Tugadh an liosta bardas cothrom le dáta ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil I, Roinn V, den tsonraíocht táirge mar a leanas:

— roimh fhophointe (a), cuireadh an ceannteideal seo a leanas isteach: '1 - Rialacha maidir le cineálacha fíniúna';

— sa tábla faoi fhophointe (a), cuireadh sraitheanna isteach lena sonraítear na cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a fhéadfar a úsáid — faoi réir comhaontú a shíniú ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta, ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta agus ag na hoibreoirí údaraithe lena mbaineann i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú arna fhormheas ag coiste náisiúnta ábhartha na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta — chun fíonta geala ATFC 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' (Voltis B, Opalor, Selenor, Souvignier Gris B, Johanniter B, Chenin B, Vermentino B - Rolle) agus fíonta dearga nó *rosé* (Coliris, Nebbiolo N, Syrah N - Shiraz) a tháirgeadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le codanna plandaithe le haghaidh cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn V den tsonraíocht táirge, cuireadh na forálacha seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1:

'2 - Rialacha maidir le codanna plandaithe

(a) Fíonta geala

Níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 5 % de chineálacha fíniúna an ghabháltais.

(b) Fíonta *rosé*

Níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 5 % de chineálacha fíniúna an ghabháltais.

(c) Fíonta dearga

Níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 5 % de chineálacha fíniúna an ghabháltais.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Meánualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún

Tuairisc

Sa tábla faoi Chaibidil I, Roinn VI(1)(d) den tsonraíocht táirge, cuireadh sraith isteach faoin tsraith le haghaidh 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace'. Sonraítear sa tsraith sin an meánualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún i gcileagraim in aghaidh an heicteáir le haghaidh 'cineálacha eile':

— Cineálacha eile 14 000

Faoi Chaibidil I, Roinn VI(1)(d) den tsonraíocht táirge, cuireadh na forálacha seo a leanas isteach tar éis an chéad tábla:

'I gcás ina gceadaítear uisciú, i gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí, is é seo a leanas meánualach uasta an bhairr in aghaidh na dáileachta talún uiscithe:

AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT "Alsace" nó "Vin d'Alsace", CÉ IS MOITE D'AINMNIÚCHÁIN GHEOGHRAFACHA FHORLÍONTACHA, LOGAINMNEACHA, AGUS TÁSCA "VENDANGES TARDIVES" NÓ "SÉLECTION DE GRAINS NOBLES"

MEÁNUALACH UASTA AN BHAIRR IN AGHAIDH NA DÁILEACHTA TALÚN (i gcileagraim in aghaidh an heicteáir)

DATH AN FHÍONA

Fíonta geala	10 000
Fíonta *rosé*	10 000
Fíonta dearga	8 000'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais eile fáis

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn VI(2)(a) den tsonraíocht táirge, cuireadh na forálacha seo a leanas isteach:

'Nuair a dhéantar meastóireacht, áfach, ceadaítear an ithir a chumhdach le leathán faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: ní mór an t-ábhar a úsáidtear a bheith póiriúil, aistriú gáis agus uisce a cheadú, agus ní bheidh aon pholaiméir ann a dhíorthaítear ó pheitriceimiceáin. Déanfar an mheastóireacht faoi réir comhaontú a bheith sínithe ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta, ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta agus ag an oibreoir údaraithe lena mbaineann i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú arna fhormheas ag an gcoiste náisiúnta ábhartha an 29 agus an 30 Meitheamh 2023. Chuige sin, ní bheidh achar dromchla na ndáileachtaí talún a ndearnadh meastóireacht orthu níos mó ná 5 % d'achar dromchla iomlán an ghabháltais a chumhdaítear leis an ATFC.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Uisciú

Tuairisc

Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad Chaibidil I, Roinn VI(3) den tsonraíocht táirge:

'(a) Féadfar uisciú a údarú i gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí. Toirmisctear uisciú ar dháileachtaí talún a chumhdaítear le réamhdhearbhú maidir le sannadh dáileachtaí talún chun go bhféadfaí úsáid a bhaint as ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha, logainmneacha agus na tásca "Vendanges Tardives" nó "Sélection de Grains Nobles".

(b) toirmisctear an duilliúr a chroitheadh;

(c) toirmisctear leasachán (uisciú leasaitheach) a úsáid.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Aibíocht fíonchaor

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn VII(2)(a) den tsonraíocht táirge, cuireadh dhá shraith leis an tábla faoin tsraith le haghaidh 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' bíodh an gnáthainm Edelzwicker curtha leis nó ná bíodh. Léirítear sna sraitheanna sin an t-íosmhéid siúcra fíonchaor agus an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh fíonta *rosé* agus dearga.

ÍOSMHÉID SIÚCRA FÍONCHAOR (graim in aghaidh an lítir úrfhíona fíonchaor)

NEART ALCÓIL NÁDÚRTHA ÍOSTA DE RÉIR TOIRTE

Fíonta *rosé*

160

10 %

Fíonta dearga

177

11 %

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn IX(1) den tsonraíocht táirge, cuireadh na forálacha seo a leanas isteach:

‘(b) Cumaisc de chineálacha fíniúna

— i gcás fíonta geala, níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 10 % den chumasc;

— i gcás fíonta *rosé*, níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 10 % den chumasc;

— i gcás fíonta dearga, níor cheart cion na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a bheith níos mó ná 10 % den chumasc.’

Tá fophointí (b), (c), (d), (e) agus (f) tagtha chun bheith ina bhfophointí (c), (d), (e), (f) agus (g) faoi seach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le pacáistiú

Tuairisc

Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad Chaibidil I, Roinn IX(3)(a) den tsonraíocht táirge:

‘(a) Ní mór fíonta ag a bhfuil ainmniúchán an tionscnaimh faoi chosaint “Alsace” nó “Vin d’Alsace” a phacáistiú i mbuidéil “Vin du Rhin”, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le Foraithne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Foraithne an 19 Márta 1963, nó i mbuidéil ina bhfuil na saintréithe seo a leanas:

Soithí 300 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,0

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,4 agus 3,1

Soithí 150 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,8 agus 5,2

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 100 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall barrchaolaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,6 agus 5,0

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 75 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,8 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,8 agus 5,0

Soithí 50 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 4,2

Soithí 37.5 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 5,2

Soithí níos lú ná 37,5 cl: cabhail ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,3 agus 4,4

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,6 agus 3,0’

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn X(1)(b), an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge, cuireadh na focail ‘úsáidtear go traidisiúnta le haghaidh’ in ionad na bhfocal ‘tá gá le haghaidh’ chun athruithe a bhaineann leis an bpacáistíocht a léiriú (cineálacha buidéal a cheadaítear).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú

Tuairisc

Faoi Chaibidil I, Roinn XII den tsonraíocht táirge, cuireadh an fophointe seo a leanas isteach:

‘(e) – Ní féidir cineálacha inspéise chun críoch oiriúnaithe a lua ar an lipéadú.’

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil II, Roinn I den tsonraíocht táirge mar a leanas:

1) Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad phointe 2:

‘Réamhdhearbhú maidir le sannadh na ndáileachtaí talún le haghaidh fíniúnacha atá incháilithe do tháirgeadh fíonta dearga

Ní mór an réamhdhearbhú maidir le sannadh na ndáileachtaí a chur faoi bhráid an chomhlachta cosanta agus bainistíochta roimh an 1 Márta de bhliain na buana. Maidir leis an dearbhú, ní mór:

— an t-oibreoir a shainaithint;

— an uimhir EVV nó SIRET a lua;

— an t-oibreoir a d'fhéadfadh na fíonchaora a fháil a shainaithint;

— an tagairt chadastrach agus an t-achar dromchla le haghaidh gach dáileachta talún a léiriú.'

2) Athuimhríodh pointe 2 mar phointe 3.

3) Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad phointe 4:

'Dearbhú uiscithe

Ní mór dearbhú uiscithe a chur faoi bhráid an chomhlachta cosanta agus bainistíochta tráth nach déanaí ná 2 lá roimh uisciú, i gcomhréir le hAirteagal D. 645-5 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí. Ní mór don ráiteas sin an teimpléad arna tharraingt suas ag an gcomhlacht cosanta agus bainistíochta a leanúint.'

4) Athuimhríodh Pointí 3, 4, 5, 6 agus 7 mar phointí 5, 6, 7, 8 agus 9 faoi seach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Faisnéis faoin gcomhlacht cigireachta

Tuairisc

I gCaibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge, cuireadh an méid seo a leanas in ionad an téacs:

An Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de l'origine et de la qualité, INAO)
TSA 30003
93555 - MONTREUIL Cedex
FRANCE

Teil. +33 173303800

R-phost: contact@inao.gouv.fr.

Ní mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a chuireann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas ar fáil, arna dtarmligean ag INAO.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bearta idirthréimhseacha

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn XI den tsonraíocht táirge, leasaíodh an tábla faoi phointe 3 mar a leanas:

— faoin tsraith le haghaidh 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' scriosadh na focail 'agus suas go dtí fómhar 2033 agus an fómhar sin san áireamh ar a dhéanaí' agus cuireadh an mhír seo a leanas isteach:

— 'Ó bhuaint 2034 agus i gcás na ndáileachtaí talún lena mbaineann, ní mór an toirt atá incháilithe chun an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid a bhunú ar bhonn na táirgeachta a shocraítear faoi phointí 1(a) agus 1(b) de Roinn VIII den tsonraíocht táirge seo, dá dtagraítear in Airteagal D. 645-7 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí, arna iolrú faoi chomhéifeacht 0,8.';

— faoin tsraith le haghaidh ‘Alsace’ nó ‘Vin d’Alsace’ agus ainm áite nó ainmniúchán geografach forlíontach ina diaidh, scriosadh na focail ‘agus suas go dtí buaint 2033, agus an bhuaint sin san áireamh, ar a dhéanaí’ agus cuireadh an mhír seo a leanas isteach:

— ‘Ó bhuain 2034 agus i gcás na ndáileachtaí talún lena mbaineann, ní mór an toirt atá incháilithe chun an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid a bhunú ar bhonn na táirgeachta a shocraítear faoi phointe 1(b) de Roinn VIII den tsonraíocht táirge seo, arna hiolrú faoi chomhéifeacht 0,8.’;

— faoin tsraith le haghaidh ‘Alsace’ nó ‘Vin d’Alsace’, bíodh ainmniúchán geografach forlíontach nó logainm ina diaidh nó ná bíodh, arna fhorlíonadh leis an téarma ‘Vendanges Tardives’ nó ‘Sélection de Grains Nobles’, scriosadh na focail ‘agus suas le buaint 2033 agus an bhuaint sin san áireamh ar a dhéanaí’ agus cuireadh an mhír seo a leanas isteach:

‘Ó bhuaint 2034 agus i gcás na ndáileachtaí talún lena mbaineann, ní mór an toirt atá incháilithe chun an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid a bhunú ar bhonn na táirgeachta a shocraítear faoi phointe 1(b) de Roinn VIII den tsonraíocht táirge seo, arna iolrú faoi chomhéifeacht 0,8.’.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Alsace / Vin d’Alsace’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1101-AM04 — 21.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Alsace / Vin d’Alsace’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ina bhfuil an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath idir bánbhuí lena mbaineann imireacha glasa agus buí órga ar na fíonta de ghnáth.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe diana ar an fíonta agus toirt mhaith iontu, mar aon le hiarbhlas fada ar minic a bhíonn sáithiú beag dé-ocsaíde carbóin mar bhonn faoi.

Blas

Is saintréith de chuid na bhfíonta is ea úire chumhachtach a bhfuil aigéad tartarach nádúrtha ceannasach mar bhonn fúithi mar aon le fíonchaora lánaibithe.

Tá dhá chineál fíona ann: fíonta tirime, mianracha agus fíonta torthaíocha níos boige. Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh leis an ngnáthainm 'Edelzwicker'.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Is é 9,5 % neart íosta alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos mó ná 12,5 %.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíonta geala a fhorlíontar le gnáthainm

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath idir bánbhuí ina bhfuil imireacha glasa agus buí órga ar na fíonta de ghnáth.

Dea-bholadh

Níl aon tuairisc shonrach ann (féach an tuairisc roimhe seo).

Blas

Tá dhá chineál de na fíonta sin ann: – fíonta tirime mianracha, ag a bhfuil aigéadacht theann aibí, a bhaineann go ginearálta leis na gnáthainmneacha seo a leanas: Chasselas nó Gutedel, Sylvaner, Pinot Blanc, Pinot nó Klevner, Auxerrois, Riesling, Muscat agus Muscat Ottonel; – fíonta torthaíocha, níos boige a mbaineann eastóscán tirim forleathan leo, a bhaineann go ginearálta leis na gnáthainmneacha seo a leanas: Gewürztraminer agus Pinot Gris.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Tá saintréithe anailíseacha sonracha ag na fíonta: – Maidir le Chasselas nó Gutedel, Muscat, Muscat Ottonel agus Sylvaner, is é 9,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte agus is é 12,5 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe; – Maidir le Auxerrois, Pinot Blanc, Pinot nó Klevner agus Riesling, is é 10 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte agus is é 13 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe; – Maidir le Gewürztraminer agus Pinot Gris, is é 11,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte agus is é 14,5 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta geala agus ainmniúchán geografach forlíontach ina dhiaidh sin

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath idir bánbhuí ina bhfuil imireacha glasa agus buí órga ar na fíonta de ghnáth.

Dea-bholadh

Níl aon tuairisc shonrach ann (féach an tuairisc roimhe seo).

Blas

Tá na fíonta sin i gceann amháin den dá chineál thuasluaite, i.e. fíonta tirime mianracha agus fíonta torthaíocha níos boige. Leis an dá chineál in éineacht le chéile, tá na dálaí is fearr is féidir ann chun gach ceann de na cineálacha fíniúna a úsáidtear a léiriú.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Tá na fíonta sin i gceann amháin den dá chineál thuasluaite, i.e. fíonta tirime mianracha agus fíonta torthaíocha níos boige. Leis an dá chineál in éineacht le chéile, tá na dálaí is fearr is féidir ann chun gach ceann de na cineálacha fíniúna a úsáidtear a léiriú. De ghnáth bíonn dath idir bánbhuí ina bhfuil imireacha glasa agus buí órga ar na fíonta geala.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Is é 10,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte atá acu, ach amháin i gcás ina ndéantar na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha a fhorlíonadh leis na gnáthainmneacha 'Gewurztraminer' agus 'Pinot Gris', agus sa chás sin is é 12 % an neart sin. Is é 13,5 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe; níl sé ach 15 % i gcás na ngnáthainmneacha 'Gewurztraminer' agus 'Pinot Gris'. Maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Klevener de Heiligenstein', is é 11 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte agus is é 14 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta geala a bhfuil ainm áite ina ndiaidh

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath idir bánbhuí lena mbaineann imireacha glasa agus buí órga ar na fíonta de ghnáth.

Dea-bholadh

Níl aon tuairisc shonrach ann (féach an tuairisc roimhe seo).

Blas

Tá na fíonta sin i gceann amháin den dá chineál thuasluaite, i.e. fíonta tirime mianracha agus fíonta torthaíocha níos solúbtha. Leis an dá chineál, tá na dálaí is fearr is féidir ann chun gach ceann de na cineálacha fíniúna a úsáidtear a léiriú.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

I gcás ina bhfuil ainm áite i ndiaidh ainm an ainmniúcháin, is é 10,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte, ach amháin i gcás ina ndéantar an t-ainm áite a fhorlíonadh leis na gnáthainmneacha 'Gewurztraminer' agus 'Pinot Gris', agus sa chás sin is é 12 % an neart sin. I gcás na bhfíonta céanna sin, is é 13,5 % an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis an tsaibhrithe, cé is moite de na gnáthainmneacha 'Gewurztraminer' agus 'Pinot Gris' inarb é 15 % é.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

De ghnáth bíonn dath idir bándearg trédhearcach agus dearg de dhéine éagsúil ar na fíonta *rosé*.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe diana ar an fíonta agus toirt mhaith iontu, mar aon le hiarbhlas fada ar minic a bhíonn sáithiú beag dé-ocsaíde carbóin mar bhonn faoi.

Blas

Bíonn na fíonta *rosé* úr, torthaíoch agus éadrom. Saintréith díobh is ea úire chumhachtach a bhfuil aigéad tartarach nádúrtha ceannasach mar bhonn fúthu mar aon le fíonchaora lánaibithe. Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh leis an ngnáthainm 'Pinot Noir'.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Is é 10 % neart íosta alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos mó ná 13 %.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn toin éagsúla dhúdhearga agus dhiandhearga ar na fíonta dearga.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe diana ar an fíonta agus toirt mhaith iontu, mar aon le hiarbhlas fada ar minic a bhíonn sáithiú beag dé-ocsaíde carbóin mar bhonn faoi.

Blas

Tá dhá chineál fíona ann: fíonta dearga glóirmhianacha, míne, galánta, agus fíonta dearga úra, torthaíocha agus éadroma. Féadfar ainm an ainmniúcháin a fhorlíonadh leis an ngnáthainm 'Pinot Noir'.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Is é 11 % neart íosta alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos mó ná 14 %. Féadfar ainm áite nó ainmniúchán geografach forlíontach a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh: 'Côtes de Rouffach', 'Ottrott', 'Rodern', 'Sainte Hippolyte'. I gcás inarb amhlaidh sin, is é 11,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte atá acu agus ní mó ná 14,5 % a neart alcóil iomlán de réir toirte tar éis an tsaibhrithe.

Tráth an phacáistithe, bíonn cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir sna fíonta dearga.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Ainmniúchán arna fhorlíonadh leis an téarma 'Vendanges Tardives'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath domhain dian ar na fíonta geala sin, lena n-áirítear dath buí ómra.

Dea-bholadh

Is minic a bhíonn dea-bholaithe an-andúchasach ar na fíonta amhail dea-bholaithe torthaí criostalaithe mar aon le hiarbhlas úr.

Blas

Bíonn siad an-tiubhaithe agus bíonn dea-bholaithe an-fhadmharthanach orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 16 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte agus is é 14,5 % an neart alcóil nádúrtha i gcás cineálacha eile.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Ainmniúchán a bhfuil an téarma ‘Sélection de Grains Nobles’ ina dhiaidh

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath domhain dian ar na fíonta geala sin, lena n-áirítear dath buí ómra.

Dea-bholadh

Is fíonta cumhachtacha, níos tiubhaithe, iad a mbíonn dea-bholaithe torthaí criostalaithe orthu go minic.

Blas

Bíonn siad an-tiubhaithe agus bíonn dea-bholaithe an-fhadmharthanach orthu

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le tréithe anailíseacha

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 18,2 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte agus is é 16,4 % an neart alcóil nádúrtha i gcás cineálacha eile.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Córais treoraithe: dlús plandaithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an fad idir na sraitheanna a bheith níos mó ná 2,50 méadar. Ní bhíonn an spásáil sa tsraith idir na fíniúnacha níos lú ná 0,75 méadar agus ní bhíonn sí níos mó ná 1,50 méadar.

Cleachtas fíoneolaíoch

Córais treoraithe: rialacha maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ina Guyot singil nó dúbailte agus: - uasmhéid 24 bhachlóg in aghaidh an phlanda i gcás 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace'; - uasmhéid 22 bhachlóg in aghaidh an phlanda i gcás 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' agus ainm áite nó ainmniúchán geografach forlíontach ina dhiaidh sin; - uasmhéid de 20 bachlóg in aghaidh an phlanda i gcás 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' bíodh ainmniúchán geografach forlíontach nó ainm áite ina dhiaidh nó ná bíodh arna fhorlíonadh leis an téarma 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles'.

Cleachtas fíoneolaíoch

Buain

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Ní mór fíonta atá incháilithe chun ainm áite a bheith orthu agus a dhéantar as na cineálacha Pinot Gris G agus Pinot Noir N, agus fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'Vendanges Tardives' agus 'Sélection de Grains Nobles' a bheith orthu, a dhéanamh as fíonchaora a bhuantar de láimh.

Cleachtas fíoneolaíoch

Méadú ar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Maidir le fíonta atá incháilithe ainm áite nó ainmniúchán geografach forlíontach a bheith orthu, ní fhéadfar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte a mhéadú níos mó ná 2 % de réir toirte. Níor cheart fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' a bheith orthu a shaibhriú.

Cleachtas fíoneolaíoch

Fíonóireacht

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc

- Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid. - Toirmisctear gualach fíonóireachta a úsáid chun fíonta *rosé* a dhéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhúcháin.

Cleachtas fíoneolaíoch

Aibiú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' a bheith orthu, ní mór iad a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den dara bliain tar éis na buana ar a laghad.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	96
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Fíonta geala agus ainmniúchán geografach forlíontach ina dhiaidh sin

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	79
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala a bhfuil ainm áite ina ndiaidh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	75
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta *rosé*

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	90
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta dearga nó ainmniúchán arna bhforlíonadh leis an téarma ‘Vendanges Tardives’

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	66
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Ainmniúchán arna fhorlíonadh leis an téarma ‘Sélection de Grains Nobles’

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	48
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Auxerrois B

— Chasselas B

— Chasselas Rose Rs

— Chenin B

— Coliris

— Gewürztraminer Rs

— Johanniter B

— Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains roses Rs – Muscat, Moscato

— Nebbiolo N

— Opalor

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Pinot Noir N

— Riesling B

— Savagnin Rose Rs

— Selenor

— Souvignier Gris B

— Sylvaner B

— Syrah N – Shiraz

— Vermentino B – Rolle

— Voltis B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Is faoi mar a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha an 3 Feabhra 2000 atá an limistéar geografach. Ar dháta formheasta na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, cuimsítear sa limistéar sin críoch na mbardas a liostaítear thíos, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin INAO.

(a) - Maidir le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace', bíodh ainm áite ina dhiaidh nó ná bíodh, déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aibiú i gcríoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Haut-Rhin: - Ammerschwihr, Beblenheim, Bennwihr, Bergheim, Bergholtz, Bergholtz-Zell, Berrwiller, Buhl, Cernay, Colmar, Eguisheim, Gueberschwihr, Guebwiller, Hartmannswiller, Hattstatt, Herrlisheim-près-Colmar, Houssen, Hunawihr, Husseren-les-Châteaux, Ingersheim, Jungholtz, Katzenthal, Kaysersberg Vignoble, Leimbach, Mittelwihr, Niedermorschwihr, Obermorschwihr, Orschwihr, Osenbach, Pfaffenheim, Ribeauvillé, Riquewihr, Rorschwihr, Rodern, Rouffach, Saint-Hippolyte, Soultz-Haut-Rhin, Soultzmatt, Steinbach, Thann, Turckheim, Uffholtz, Vieux-Thann, Voegtlinshoffen, Walbach, Wattwiller, Westhalten, Wettolsheim, Wihr-au-Val, Wintzenheim, Wuenheim, Zellenberg, Zimmerbach.

— Roinn Bas-Rhin: Albé, Andlau, Avolsheim, Balbronn, Barr, Bergbieten, Bernardswiller, Bernardvillé, Bischoffsheim, Blienschwiller, Boersch, Bourgheim, Châtenois, Cleebourg, Dahlenheim, Dambach-la-Ville, Dangolsheim, Dieffenthal, Dorlisheim, Eichhoffen, Epfig, Ergersheim, Flexbourg, Furdenheim, Gertwiller, Gimbrett (bardas gaolmhar, atá taobh le Berstett), Goxwiller, Heiligenstein, Itterswiller, Kienheim, Kintzheim, Kirchheim, Kuttolsheim, Marlenheim, Mittelbergheim, Molsheim, Mutzig, Nothalten, Nordheim, Oberhoffen-lès-Wissembourg, Obernai, Odratzheim, Orschwiller, Osthoffen, Ottrott, Reichsfeld, Riedseltz, Rosenwiller, Rosheim, Rott, Saint-Nabor, Saint-Pierre, Scharrachbergheim-Irmstett, Scherwiller, Soultz-les-Bains, Steinseltz, Stotzheim, Traenheim, Villé, Wangen, Westhoffen, Wissembourg, Wolxheim, Zellwiller.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Bíonn an líon tréimhsí gréine is fearr sna fíonghoirt san áit ó thuaidh ina bhfuil siad, áit a thugann Masaíf Vosges foscadh ó thionchar na mara. Go bunúsach, is é an suíomh sin a thugann an blas céanna do na fíonta.

Mar gheall ar éagsúlacht na suíomhanna fíonghoirt, éagsúlacht na n-ithreacha agus na bhfo-ithreacha, agus na méisea-aeráidí an-sonrach, rinne na táirgeoirí san Alsáis réimse leathan cineálacha fíniúna a chaomhnú, cineálacha fíniúna aramataí den chuid is mó, ag tabhairt tús áite do bhithéagsúlacht fíniúna a choinneáil ar bun seachas don mheascán cineálacha a shimpliú.

San Alsáis, is í an éagsúlacht fíniúna seo an léiriú is fearr ar an *terroir* áitiúil, atá bunaithe ar fhéiniúlacht láidir 'Alsace'.

Tá táirgeadh dírithe ar fhíonta an-aramatach mar gheall ar rogha na gcineálacha fíniúna den chuid is mó. Mar gheall ar éagsúlacht na suíomhanna fíonghoirt agus a bpróifílí geolaíocha agus ithreach atá an-ilchineálach, cuirtear ar a gcumas do tháirgeoirí san Alsáis na dálaí is fearr a aimsiú le haghaidh gach ceann de na cineálacha fíniúnacha atá ag fás ann. Tá na dálaí is fearr faighte a bhuí le dáileachtaí talún atá críochaithe go dian agus go beacht, bunaithe ar lárionaid stairiúla táirgthe, ainmneacha forlíontacha, bardasacha agus áitiúla agus plean comhfhreagrach maidir le cineálacha fíniúna.

Mar gheall ar an bhfoscadh atá le fáil ó Mhasaíf Vosges, tá aeráid leath-ilchríochach thirim agus ghrianmhar ag an Alsáis, rud a fhágann gur féidir leis na fíniúna an fhorbairt is fearr is féidir a dhéanamh, arna rialú ag rialacha dochta maidir le méid siúcra íosta na bhfíonchaor. Leis an suíomh taobh cnoic agus aeráid arb é is príomhthréith di tréimhse aibithe ina bíonn an lá te agus an oíche fionnuair, mar aon le dlús ard plandaithe agus airde ard duilliúir, áirithítear aibíocht mhaith na bhfíonchaor (cothromú siúcraí agus aigéadacht tartarach), caomhnaítear úire na bhfíonta, agus forbraítear agus dlúthaítear a ndea-bholaithe agus a n-iarbhlas fada. Bíonn an raon teirmeach is fearr le fáil ag meánairde na bhfíonghort (idir 200 m agus 400 m) agus áirithítear leis, ó thaobh cáilíochta de, aigéadacht tartarach nádúrtha chothrom. Leis na dálaí sin go léir, cruthaítear saintréithe fhíonta na hAlsáise.

Mar gheall ar na dálaí aeráide den scoth a bhíonn ann i ndeireadh an tséasúir, is féidir le torthaí na fíniúna éirí tiubh agus is féidir leis an lobhadh uasal forbairt. Dá thoradh sin, is féidir fíonta a tháirgeadh as fíonchaora a bhuantar nuair a bhíonn siad ró-aibí. Áirithítear go bhfuiltear in ann sin a dhéanamh trí bhuaint de láimh, trí rialacha níos déine maidir leis an méid siúcra íosta agus trí shaibhriú a thoirmeasc. Leis an íostréimhse aibithe 18 mí, ligtear do na fíonta feabhsú, agus a gcastacht agus a neart aramatach ag saibhriú le himeacht ama.

Bhí Abhainn na Réine, atá suite in aice láimhe, ina nasc tábhachtach iompair chomh fada siar leis na Meánaoiseanna, agus ba áis í i gcónaí chun na fíonta ón réigiún a onnmhairiú chuig na tíortha ag béal na habhann agus níos faide i gcéin. Go dtí an lá inniu, déantar níos mó ná an ceathrú cuid den fhíon a tháirgeadh lena sheoladh thar lear agus lena onnmhairiú.

Is é bealach fíona na hAlsáise an áit is mó sa réigiún a mheallann turasóirí, bealach atá á chur chun cinn ag na saothraithe fíniúna a dhíolann a gcuid fíonta go díreach san áit, agus cuirtear i dtábhacht leis an nasc stairiúil seasmhach atá ag na fíonta le cócaireacht na hAlsáise. Cuireann sé go mór le geilleagar na hAlsáise.

Thug André Jullien 'fíonta geala láidre a bhfuil an-mheas orthu' ar na fíonta in 1822, agus thug sé tuairisc orthu mar fhíonta atá 'tirim lena mbaineann cumhracht dea-bholaithe an-soiléir'. San am a chuaigh thart, rinneadh iad a iompar go Mainz, áit a ndéanfaí iad a chumasc le fíonta ó réigiún na Réine chun neart a thabhairt dóibh agus chun a réimse dea-bholaithe a shaibhriú. In 1866, dúirt Jules Guyot go bhfuil, i bhfíonta geala na hAlsáise 'tréithe a bhfuil an-tóir orthu, agus tá siad gar do bharr scála na bhfíonta geala'. B'fhearr leis freisin fíonta geala a rinneadh as an gcineál Riesling B, fíonta atá 'sármhaith maidir lena mblas fíneálta, a neart agus an fad a mhaireann siad', dar leis.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ceann de na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha a liostaítear thíos a bheith i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh má chomhlíonann na fíonta na ceanglais táirgthe a leagtar síos do gach ceann de na hainmneacha sin: - 'Bergheim' - 'Blienschwiller'; - 'Coteaux du Haut-Koenigsbourg'; - 'Côtes de Barr'; - 'Côte de Rouffach'; - 'Klevener de Heiligenstein'; - 'Ottrott' - 'Rodern'; - 'Saint-Hippolyte'; - 'Scherwiller'; - 'Vallée Noble'; - 'Val Saint Grégoire'; - 'Wolxheim'.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Pacáistiú sa limistéar

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Pacáistiú sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

I gcomhréir le Dlí an 5 Iúil 1972, ní mór fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' a bhuidéalú i ranna Bas-Rhin agus Haut-Rhin. Ní mór fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' a phacáistiú i mbuidéil 'Vin du Rhin', i gcomhréir le Foraithne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Foraithne an 19 Márta 1963, nó i mbuidéil ina bhfuil na saintréithe seo a leanas:

Soithí 300 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, i gcuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall barrchaolaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— An cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,0

— An cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,4 agus 3,1

Soithí 150 cl: hcabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,8 agus 5,2

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 100 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,6 agus 5,0

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 75 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,8 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,8 agus 5,0

Soithí 50 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 4,2

Soithí 37.5 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 5,2

Soithí níos lú ná 37,5 cl: cabhail ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— an cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,3 agus 4,4

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,6 agus 3,0

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace', is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, críoch na mbardas seo a leanas:

Roinn Haut-Rhin: Gundolsheim, Ostheim.

Roinn Bas-Rhin: Dachstein, Ernolsheim-Bruche, Fessenheim-le-Bas, Petersbach, Seebach, Strasbourg. Na bardais atá san áireamh go páirteach: Wingersheim les Quatre Bans, críoch bhardas tarmligthe Mittelhausen amháin.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

'Edelzwicker'

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní fhéadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh – ach amháin i gcás ina dhiaidh sin ainmniúchán geografach forlíontach nó ainm áite – a fhorlíonadh leis an ngnáthainm 'Edelzwicker' ach amháin i gcás fíonta geala socra a chomhlíonann na ceanglais táirgthe a leagtar síos don [ghnáth]ainm sin. Maidir le fíonta a mhargaítear faoin ngnáthainm 'Edelzwicker', ní cheadaítear gnáthainm amháin nó níos mó a bheith ar na coimeádáin, ar na lipéid ná ar na doiciméid tráchtála.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

'Vendanges Tardives' agus 'Sélection de Grains Nobles'

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh – bíodh ainmniúchán geografach forlíontach nó ainm áite ina dhiaidh nó ná bíodh – a fhorlíonadh leis na téarmaí 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' le haghaidh fíonta geala a chomhlíonann na ceanglais táirgthe a leagtar síos le haghaidh na dtéarmaí sin. Ní mór na téarmaí sin a fhorlíonadh le léiriú ar bhliain an fhíona agus le ceann de na gnáthainmneacha seo a leanas: Gewürztraminer, Muscat, Muscat Ottonel, Pinot Gris, Riesling.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Sonrú ar ainm áite

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ainm áite a bheith i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh má chomhlíonann na fíonta na ceanglais táirgthe chun an t-ainm áite sin a shonrú:

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Gnáthainmneacha

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint – bíodh ainmniúchán geografach forlíontach nó ainm áite ina dhiaidh nó ná bíodh – a fhorlíonadh le ceann amháin de na gnáthainmneacha seo a leanas, ar choinníoll go ndéantar na fíonta go heisiach as cineálacha fíniúna ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh trí úsáid a bhaint as na hainmneacha atá i gceist agus ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais táirgthe eile a leagtar síos do gach ceann de na hainmneacha sin: Auxerrois, Chasselas nó Gutedel, Gewürztraminer, Muscat, Muscat Ottonel, Pinot Blanc, Pinot nó Klevner, Pinot Gris, Riesling, Sylvaner, Pinot Noir (i gcás fíonta dearga agus fíonta *rosé*).

Toirmisctear dhá ghnáthainm nó níos mó a úsáid ar an lipéad céanna.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Tásc na gcineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní féidir cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe a lua ar an lipéadú.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Sonrú ar an méid siúcra

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

An méid siúcra, mar a shainítear le dlí an Aontais, ní mór sin a lua go soiléir i gcás fíonta geala a n-éilítear ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace' nó 'Vin d'Alsace' ina leith faoi théarmaí an ainmniúcháin sin. Bíonn feidhm aige sin nuair a chuirtear fíonta den sórt sin i láthair faoin ainmniúchán réamhluaite agus nuair a chuirtear ar fáil don phobal iad, nuair a sheoltar iad, nuair a thairgtear iad lena ndíol nó nuair a dhíoltar iad; rud nach féidir a dhéanamh mura bhfuil an méid siúcra luaite ar gach fógra, bileog, lipéad, sonrasc nó coimeádán a bhaineann leis. Níl feidhm aige sin maidir le fíonta a bhfuil 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles'ar a lipéid.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-6fe90f2b-ac49-4fec-a13f-309ce19ef3e7